Salvador Dali i nGaillimh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thaispeántas Salvador Dali atá ar siúl i nGaillimh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan féin agus an duine in aice leat an Ghaeilge a fháil ar na focail seo:

Exhibition	- - - s - - á n - - -
Gallery	d - - l - - -
Fame/reputation	- - i -
Images	í - - - á - - -
Critics	l - - r - - e - - - ó - - -
Funny	b - - r - - l
Absurd/ridiculous	- - f - - s - - - -
Influence	- - o - - - a -

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil aon chur amach agat ar Salvador Dali? Cad é do bharúil faoi?
An dtéann tú chuig dánlanna go minic?
Cad é an tábhacht a bhaineann leis an ealaíon sa tsochaí, dar leat?

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén áit a mbeidh an taispeántas ar siúl?
2. Cén fhad atá an taispeántas ar siúl?
3. Cé mhéad pictiúr atá mar chuid den taispeántas?
4. Cad é an praghas atá ar na pictiúir?
5. Cén fáth ar cháin léirmheastóirí é?
6. Cad atá le rá ag Tom Kenny faoi Salvador Dali?

Ceist 4 Féach ar na leaganacha difriúla atá sa tuairisc ar an fhocal *ealaíontóir*:

ealaíontóir **ealaíontóirí** **saothar an ealaíontóra**

Críochnaíonn cuid mhaith de na gairmeacha beatha in *-óir/-úir/-éir/-eoir* agus leanann siad na rialacha céanna leis na samplaí thuas. Ag obair leis an duine in aice leat cuir na gairmeacha beatha seo thíos san uimhir iolra agus sa tuiseal ginideach, uimhir uatha mar atá déanta thuas.

Múinteoir	_____	_____
Dochtúir	_____	_____
Teagascóir	_____	_____
Búistéir	_____	_____
Aisteoir	_____	_____
Ceoltóir	_____	_____
Cuntasóir	_____	_____
Siopadóir	_____	_____
Bainisteoir	_____	_____

Ceist 5 An féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail atá le cloisteáil ar an tuairisc atá ar chlé a cheangal leis na focail a bhfuil an bhrí chéanna acu ar dheis?

fiche	seans
básaigh	obair
cáil	faoi anáil
roinnt	greannmhar
faoi thionchar	áibhéalach
deis	scór
barrúil	cuid
áiféiseach	clú
saothar	éag

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Exhibition	**taispeántas**
Gallery	**dánlann**
Fame/reputation	**cáil**
Images	**íomhánna**
Critics	**léirmheastóirí**
Funny	**barrúil**
Absurd/ridiculous	**áiféiseach**

Ceist 2

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 3

1. Tá sé ar siúl i ndánlann Uí Chionnaith, i gcathair na Gaillimhe.
2. Go dtí 16 Nollaig 2007.
3. Tá fiche is a haon pictiúr mar chuid den taispeántas.
4. Tá idir €2,750 agus €14,00 ar na pictiúir.
5. Shíl léirmheastóirí áirithe gur úsáid sé íomhánna áiféiseacha le haird a tharraingt air féin.
6. Deir Tom Kenny gur ealaíontóir iontach mór le rá é. Dúirt sé go raibh an-chuid samhlaíochta aige, an-smaointí aige, go ndearna sé na híomhánna seo an-aisteach ar fad. Tá na híomhánna barrúil, tá siad áiféiseach, tá siad iontach ar fad, a deir sé. Bhí tionchar an-mhór aige ar mhéid iontach mór ealaíontóirí i rith an chéid deiridh, agus fós cuireann daoine óga an-suim go deo i saothar an ealaíontóra seo.

Ceist 4

Múinteoir	múinteoirí	nótaí an mhúinteora
Dochtúir	dochtúirí	freagracht an dochtúra
Teagascóir	teagascóirí	rang an teagascóra
Búistéir	búistéirí	siopa an bhúistéara
Aisteoir	aisteoirí	línte an aisteora
Ceoltóir	ceoltóirí	amhrán an cheoltóra
Cuntasóir	cuntasóirí	obair an chuntasóra
Siopadóir	siopadóirí	airgead an siopadóra
Bainisteoir	bainisteoirí	pá an bhainisteora

Ceist 5

fiche	scór
básaigh	éag
cáil	clú
roinnt	cuid
faoi thionchar	faoi anáil
deis	seans
barrúil	greannmhar
áiféiseach	áibhéalach
saothar	obair

Eimear Ní Chonaola
Beidh taispeántas do chuid an ealaíontóra chlúitigh Salvador Dali ar siúl i ndánlann Uí Chionnaith i gcathair na Gaillimhe go dtí an séú lá déag den mhí seo, fiche is a haon pictiúr uilig dá chuid atá ar taispeáint agus táthar ag baint idir dhá mhíle, seacht gcéad agus caoga euro agus ceithre mhíle dhéag euro an ceann amach orthu. Ba as an Spáinn Dali agus bhásaigh sé i míle, naoi gcéad, ochtó a naoi. Bhí cáil an domhain air mar gheall ar na híomhánna éagsúla a d'úsáid sé ina chuid oibre. Cháin roinnt léirmheastóirí é a chreid gur úsáid sé íomhánna ar leith chun aird a tharraingt air féin. Deirtear gur tionchar mór ag ealaíontóirí na hAthbheochana air.

Tom Kenny
Bhuel, tá seanchara linn, ón Ghearmáin (tá seisean), agus tá dánlann aige thall, agus bíonn sé ag déanamh an-chuid oibre* ar phunanna anseo thíos i gCinn Mara agus dlúthbhaint aige leis an ionad seo agus thosaigh muid ag caint lá agus dúirt sé go raibh an bailiúchán seo aige agus gur bhreá leis iad a dhíol agus dúirt mé b'fhéidir go mbeadh deis ann. Cá mhéad? Agus an mbeadh taispeántas ann? Bheadh, agus, chuir muid le chéile an taispeántas agus tá sé anseo againn. Is ealaíontóir iontach mór le rá é an fear seo. Bhí an-chuid samhlaíochta aige, an-smaointí aige agus rinne sé na híomhánna seo an-aisteach ar fad. Tá siad barrúil, tá siad áiféiseach, tá siad iontach ar fad. Bhí tionchar an-mhór aige ar mhéid** iontach mór ealaíontóirí i rith an chéid deiridh, agus fós go dtí seo, agus aisteach go leor cuireann daoine óga an-suim go deo i saothar an ealaíontóra seo.

Tom Kenny, Stiúrthóir, Dánlann Uí Chionnaith, ag labhairt ansin.

**obair* a deirtear
***méid* a deirtear